Bithshlándáil

Is éard is bithshlándáil ann ná an baol a bhaineann leis an ngalar scaipeadh chuig d'fheirm agus chuig feirm do chomharsa a laghdú trí bhearta praiticiúla a chur i bhfeidhm. I gcás ráige den ghalar, beidh réamhchúraimí breise riachtanach; ach tá cleachtais mhaithe bhithshlándála inmholta i gcónaí, agus tugann siad cosaint do d'fheirm roimh go leor galar eile chomh maith.

Bíodh smacht agat ar rochtain ar d'fheirm:

- Ba chóir nach mbeadh ach bealach amháin isteach ar d'fheirm más féidir. Ba chóir go nglasálfaí geataí eile nach bhfuil in úsáid le nach féidir teacht isteach gan cead.
- Bí cinnte go bhfuil teorainneacha na feirme slán agus go bhfuil bail mhaith ar sconsaí.

Cuir srian ar chuairteoirí nach bhfuil gá leo chuig d'fheirm:

- Níor chóir go dtiocfadh daoine ná feithiclí ar d'áitreabh feirmeoireachta mura bhfuil sé riachtanach.
- Smaoinigh: más ag teacht d'fheirmeacha eile atá siad, d'fhéadfadh go mbeadh víreas an GCB á iompar acu.
- Má bhíonn orthu teacht ar d'fheirm, bí cinnte go leanann siad modhanna glantacháin agus dífhabhtaithe.
- Coinnigh taifead ar na cuairteoirí agus ar na feithiclí riachtanacha a thagann ar d'fheirm.
- Más féidir, ba chóir go bpáirceálfaí feithiclí lasmuigh do d'fheirm in áit tiomáint isteach uirthi.

Trealamh glantacháin agus dífhabhtaithe:

- Bíodh an trealamh ceart, lena n-áirítear buicéad d'ábhar dífhabhtaithe, scuab, uisce agus píobán uisce, fágtha ag an mbealach isteach chuig d'fheirm le gur féidir le cuairteoirí iad féin agus a bhfeithiclí a dhífhabhtú.
- Ba chóir go mbainfí úsáid as ábhar dífhabhtaithe atá ceadaithe agus éifeachtach i gcoinne an víris GCB, é a bheith úr agus ar an tiúchan ceart (cliceáil an nasc seo http://www.agriculture.gov.ie/footandmouth/ más mian leat liosta de na hábhair dhífhabhtaithe a fháil).
- Is féidir an GCB a scaipeadh go héasca le hinnealra agus le trealamh feirme; mar sin níor chóir iad a cheadú isteach ar d'fheirm ar chor ar bith. Tugann feithiclí ábhar orgánach feirme leo, lena n-áirítear ábhar faecach a ghreamaíonn sna rotha, a d'fhéadfadh an víreas a iompar ó fheirm go feirm.
- Ba chóir an glanadh a dhéanamh roimh an dífhabhtú: cuimhnigh go laghdóidh meallta puitigh nó salachair éifeachtacht aon dífhabhtán a úsáidtear agus d'fhéadfadh siad cosc iomlán a chur ar an dífhabhtán oibriú ar chor ar bith ar an víreas GCB.
- Bí cinnte go níonn agus go ndífhabhtaíonn gach cuairteoir iad féin, a gcoisbheart agus a lámha ach go háirithe mar aon lena bhfeithiclí, na boinn agus na rotha, sula gceadaíonn tú isteach ar d'fheirm iad.
- Ba chóir go ndéanfaidís iad féin a nigh agus a dhífhabhtú mar aon lena bhfeithiclí arís agus iad ag imeacht.

Déan cuairteanna chuig feirmeacha eile a sheachaint:

- Má thugann tú cuairt ar fheirm eile, tá an baol ann go dtabharfaidh tú an víreas GCB ar ais chuig d'fheirm féin nó go dtabharfaidh tú an víreas chuig an bhfeirm eile.
- Má chaitear an chuairt a dhéanamh, ná caith na héadaí ná an coisbheart céanna agus a chaithfeá ag obair le do bheostoc féin.
- Bí cinnte go níonn agus go ndífhabhtaíonn tú tú féin, do lámha ach go háirithe mar aon le d'fheithicil ar do bhealach isteach agus amach as an bhfeirm eile.
- Nigh na héadaí a chaith tú ar an bhfeirm eile in uisce te sula gcaithfidh tú arís iad gar do do bheostoc féin.

Féach an bhfuil GCB ar ainmhithe

- Tá sé tábhachtach do bheostoc a sheiceáil go rialta féachaint an bhfuil an GCB orthu.
- Má tá d'fheirm suite i gceantar ardriosca, b'fhéidir gur chóir duit é seo a dhéanamh gach lá.
- Ba chóir é seo a dhéanamh le solas lae agus in áit ar féidir srian ceart a choinneáil ar na hainmhithe.
- Ba chóir léasanna pléasctha nó beochréachtaí a lorg ar bhéal, ar smuit agus ar chrúba ainmhithe.
- Smaoinigh ar na comharthaí cliniciúla atá sonraithe thuas, go háirithe bacaí nó gan fonn ithe a bheith ar ainmhithe i dteannta ainmhithe eile ach go háirithe.

Cad ba chóir duit a dhéanamh má cheapann tú go bhfuil an GCB ar d'fheirm

Má cheapann tú go bhfuil an GCB ar aon cheann do d'ainmhithe, caithfidh tú tuairisc a thabhairt do d'Oifig Tréidliachta Ceantair áitiúil (DVO). Ná déan moill mar go bhféadfadh fáthmheas luath scaipeadh an ghalair a laghdú go mór.

Más ag tuairisciú amhras faoin ngalar atá tú, ná lig do dhaoine, d'ainmhithe, d'fheithiclí, do chonablaigh ná d'aon ghné eile a bhaineann leis na hainmhithe imeacht den fheirm nó go bhfaigheann tú treoir bhreise ó Chigire Tréidliachta na Roinne Talmhaíochta.

Tuilleadh eolais

Is féidir tuilleadh eolais faoin GCB a fháil ó www.agriculture.gov.ie.

Department of
Agriculture,
Fisheries and Food
An Roinn
Talmhaíochta,
Iascaigh agus Bia

Faisnéis maidir leis an nGalar Crúibe is Béil Samhain 2009

Aitheantas Grianghraf: Clúdach - Caora agus Beithíoch (istockphoto.com), Leathanach 2 - Taifead Tréidliachta d'Eallach Ryan et al 163(5):139-47, 2008, Leathanach 3 - Institiúid Caorach agus Muca do Shláinte Ainmhithe, An Ríocht Aontaithe.

Department of
Agriculture,
Fisheries and Food
An Roinn
Talmhaíochta,
Iascaigh agus Bia

Bileog Eolais d'Fheirmeoirí faoin nGalar Crúb agus Béil

Réamhrá

Tá an galar crúb agus béil (GCB) ar cheann de na galair is tógálaí i measc ainmhithe agus d'fhéadfadh ráig den ghalar dochar mór a dhéanamh don gheilleagar. Bíonn sé ar eallach, ar chaoirigh, ar mhuca, ar ghabhair agus ar ainmhithe crúbscoilte eile. An víreas GCB is cúis leis, víreas atá an-tógálach agus a mhaireann sa timpeallacht ar feadh tréimhse ama. Dá dtarlódh ráig den Ghalar Crúb agus Béil in Éirinn, ní ghlacfaí le hainmhithe na hÉireann ná le táirgí ainmhithe as Éirinn i dtíortha eile go ceann roinnt míonna i ndiaidh fáil réidh leis an ngalar agus dá bharr bheadh caillteanas mór airgeadais i gceist don tír.

Comharthaí cliniciúla den ghalar

Tagann léasacha ar theanga, ar dhrandal, ar shrón agus ar chrúba ainmhithe a bhfuil an Galar Crúb agus Béil orthu. Tá siad seo in ann a bheith an-tinn agus d'fhéadfadh go mbeadh an t-ainmhí a bhfuil an galar air bacach, nach mbeadh fonn ithe air agus go mbeadh seile go leor leis. Tagann fiabhras ar ainmhithe díreach sula dtagann na léasacha aníos. Nuair a phléascann na léasacha, fágtar beochréacht oscailte. Bíonn an galar an-trom ar mhuca agus ar eallach ach d'fhéadfadh go mbeadh sé deacair é a thabhairt faoi deara ar chaoirigh.

Ní bhíonn an oiread bainne ag eallach déiríochta a mbíonn an galar orthu agus d'fhéadfadh ainmhithe óga, bainibh agus uain go háirithe, bás a fháil leis an ngalar gan cosúlacht an ghalair a bheith orthu. D'fhéafadh go gcaillfeadh caora a bheadh le haghaidh uain an t-uan.

Tiocfaidh formhór na n-ainmhithe fásta chucu féin ón GCB tar éis 10-14 lá. Is baolach i gcás eallach déiríochta nach mbeadh siad an oiread bainne a thál arís is a bhí roimhe.

An Galar Crúb agus Béil ar eallach:

- An iomarca seile agus smeachaíl beola
- Ainmhí bacach
- Fiabhras
- Ainmhí nach bhfuil fonn ithe air
- Laghdú ar bhainne a thál
- Léasanna ar an mbéal, ar na ladhracha agus ar na sál

An Galar Crúb agus Béil ar chaoirigh:

- Ainmhí bacach
- Fiabhras
- Caillteart uain roimh bhreith nó uain óga ag fáil bháis
- Léasanna ar a mbéal agus ar na crúba; atá deacair a fheiceáil

An Galar Crúb agus Béil i muca:

- Ainmhí fíor-bhacach
- Fiabhras
- Ainmhí nach bhfuil fonn ithe air
- Na muca ag carnadh i mullach a chéile
- Léasanna ar a smut, ar a mbéal agus ar na crúba agus go háirithe ag bun a n-adharc ag an gcraiceann; d'fhéadfadh go bpléascfadh na léasanna seo agus go dtitfeadh na hadharca uilig den mhuc

Iompar agus scaipeadh an ghalair

Scaipeann ainmhithe a bhfuil an galar orthu an víreas trí leacht sna léasanna, tríd an mbainne, a n-anáil, ina gcuid fuail agus bhfaecas agus d'fhéadfadh an víreas scaipeadh sula n-éiríonn na léasanna.

Tá trí phríomhbhealach ann a scaipeann an galar chuig ainmhithe eile:

1. Teagmháil dhíreach idir ainmhí a bhfuil an galar air agus ainmhí so-ghabhálach, mar shampla srón ainmhí amháin ag cuimilt srón ainmhí eile thar sconsa.
2. Teagmháil indíreach idir ainmhithe, sa chás is go nochtaítear ainmhí so-ghabhálach do víreas atá ar ainmhithe eile. D'fhéadfadh duine nó feithicil ionfhabhtaithe an víreas a iompar ó fheirm go feirm, nó é a scaipeadh de bharr trealamh a úsáid ar dhá fheirm i ndiaidh a chéile.
3. Scaipeadh san aer. Tarlaíonn sé gur féidir le hainmhithe a bhfuil an galar orthu, muca ach go háirithe, an víreas a análú amach; agus d'fhéadfadh ainmhithe eile ar fheirmeacha eile an víreas a thógáil ar an ngaoth.

Bearta Smachtaithe

Tá bearta smachtaithe i gcoinne GCB leagtha amach chun scaipeadh díreach agus indíreach an ghalair a mhaolú.

Bac ar Ghluaiseacht:
Má bhriseann ráig den ghalar amach cuirtear srian ar ghluaiseacht eallach, caoirigh, muc, gabhar agus ainmhithe so-ghabhálacha eile isteach agus amach ar fheirmeacha. Déantar seo chun cosc a chur ar ainmhithe a bhfuil an galar orthu, ach nach bhfuil an chosúlacht orthu, an galar a scaipeadh chuig feirmeacha eile.

Ainmhithe a bhfuil an galar orthu a mharú:
Nuair a dheimhnítear go bhfuil GCB ar thréad, déantar gach ainmhí so-ghabhálach ar an bhfeirm a mharú. Déantar seo chun eisfhearadh an víris a laghdú agus chun cosc a chur ar an víreas scaipeadh tuilleadh.

Ainmhithe Teagmhálacha a mharú:
Sa chás is go mbíonn baint ag feirm le háitribh a bhfuil an GCB ann, d'fhéadfadh sé tarlú go gcinnfeadh saineolaithe smachtaithe an ghalair go bhfuil baol ró-ard ann go bhfuil an galar ar an bhfeirm agus sa chás sin go dtiocfadh siad roimhe trí na hainmhithe ar an bhfeirm sin a mharú. Ó tharla go bhféadfadh ainmhithe an víreas a eisfhearadh sula n-éiríonn léasanna, d'fhéadfadh sé a bheith róchontúirteacht fanacht féachaint an bhforbródh an galar.

Bearta eile:
Úsáidtear go leor bearta smachtaithe eile chun ráig den ghalar a chosc, lena n-airítear scrúduithe agus tástála a dhéanamh ar ainmhithe ar fheirmeacha atá i gceantar ardriosca, rianú a dhéanamh ar na hainmhithe sin, mar aon le rianú a dhéanamh ar dhaoine agus ar threalamh a bhí ar fheirmeacha a bhfuil an galar orthu nó a bhí gar dóibh, agus táirgí ó ainmhithe de chuid na bhfeirmeacha sin a aimsiú agus a scrios.

Vacsaíniú

Tá ábhar vacsaínithe i gcoinne an víris GCB ar fáil ach ní dóigh go n-úsáidfí iad sa chás is go mbrisfeadh ráig den ghalar amach in Éirinn ar chúiseanna eacnamaíocha. Má bhaintear leas as vacsaíniú bíonn tréimhse ama de thrí mhí sa bhreis i gceist sula bhfaigheann tír a stádas trádála ar ais arís thar mar a bheadh dá marófaí na hainmhithe. Tógann sé níos faide ar thíortha sa tríú domhan sula cead isteach a fháil sa mhargadh arís. Is é an tAire Talmhaíochta ar chomhairle ón bPríomh-Oifigeach Tréidliachta a chinnfidh an cheart vacsaíniú a dhéanamh nó nach cheart.